Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9565/26**

**RECH 241**
**ASIE 20**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8827/26 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht leis an India chun teacht ar chomhaontú maidir le rannpháirtíocht na hIndia i gcláir an Aontais agus maidir lena comhlachas le Colún II d'Fhís Eorpach<br>- Glacadh |

1. An 4 Bealtaine 2026, chuir an Coimisiún moladh faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hIndia, maidir le rannpháirtíocht Poblacht na hIndia i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Phoblacht na hIndia le Colún II d'Fhís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027)[1].

2. Leis an gcinneadh sin, beidh an Coimisiún in ann tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na hIndia maidir lena rannpháirtíocht i gcláir an Aontais agus go háirithe Colún II d'Fhís Eorpach.

3. Tháinig an Mheitheal um Thaighde ar chomhaontú maidir leis an téacs tar éis comhairliúchán i scríbhinn a tugadh i gcrích an 13 Bealtaine 2026.

[1] 8827/26 + ADD 1

4. Sonraítear sa dréachtchinneadh gurb é an Mheitheal um an Áise-an Aigéine ba cheart ról an choiste speisialta, is é sin an coiste nach mór don Choimisiún dul i gcomhairle leis le linn na caibidlíochta le Poblacht na hIndia i gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE, a fheidhmiú a mhéid a bhaineann le hábhair a bhaineann leis na coinníollacha ginearálta maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia in aon chlár de chuid an Aontais agus gurb é an Mheitheal um Thaighde ba cheart an ról sin a fheidhmiú a mhéid a bhaineann le hábhair a bhaineann leis na coinníollacha sonracha maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia i gColún II den chlár Fís Eorpach.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go nglacfadh an Chomhairle, mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, an Cinneadh ón gComhairle tús a chur leis an gcaibidlíocht do Chomhaontú idir an tAontas agus Poblacht na hIndia maidir le rannpháirtíocht Phoblacht na hIndia i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Phoblacht na hIndia le Colún II d’Fhís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2021-2027), arna athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe agus mar a leagtar amach in 9373/26 é, agus na treoracha caibidlíochta mar a leagtar amach in 9373/26 ADD 1 iad.

6. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE. Tarchuirfear an Cinneadh agus na treoracha caibidlíochta chuig Parlaimint na hEorpa.

7. Foilseofar an Cinneadh ón gComhairle san Iris Oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.